# Aighneacht

## faoi

## Imeachtaí Saorchraolta

## ó

## Chonradh na Gaeilge

**14 Eanáir 2021**

## CÚLRA

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann. Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

## INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maidir le himeachtaí saorchraolta.

Creideann an Conradh go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeidh an Ghaeilge le feiceáil agus le cloisteáil go minic agus tá ról le himirt ag na himeachtaí saorchraolta chun é seo a bhaint amach.

## STAD NA MEÁIN FAOI LÁTHAIR I DTAOBH IMEACHTAÍ SAORCHRAOLTA TRÍ GHAEILGE

Faoi láthair tá RTÉ 1 ag craoladh 3% dá chláir theilifíse trí Ghaeilge tar éis comhaontú leis an gCoimisinéir Teanga anuraidh ionas go mbeidh RTÉ ag comhlíonadh a ndualgais de réir Acht Craolacháin 2000. Roimhe sin ní raibh ach 0.7% de na cláir á chraoladh trí Ghaeilge https://tuairisc.ie/rabhadh-le-tabhairt-ag-an-gcoimisineir-teanga-do-rte-i-dtithe-an-oireachtais/. Ag breathnú ar chraolachán teilifís go ginearálta tá thart ar 300 stáisiún á chraoladh in Éirinn agus is fíor annamh a bhíonn Gaeilge á chraoladh, ag léiriú cé chomh imeallaithe agus atá an teanga.

Maidir le himeachtaí saorchraoladh a chraoladh trí Ghaeilge, bíonn cluichí Ceannais Cumann Lúthchleas Gaeil, Iomáint agus Peil á chraoladh agus bíonn rogha ag an lucht féachana an tráchtaireacht a fháil i nGaeilge. Tugtar go leor roghanna chun é seo a dhéanamh, ina measc tríd an Ghaeilge a rogha mar theanga thráchtaireachta ar saorview, nó ar RTÉ News Now ar an seinnteoir RTÉ Player. Chomh maith le sin bíonn an tráchtaireacht ar fáil as Gaeilge ar RTÉ 1 don chluiche mionúir. Tá sé leathnaithe amach go dtí na cluichí ceathrú cheannais chomh maith https://tuairisc.ie/trachtaireacht-ghaeilge-ar-fail-do-chluichi-ceathru-ceannais-na-heireann-ar-rte/.


Bíonn TG4 ag craoladh imeachtaí spóirt ina mbíonn an tráchtaireacht as Gaeilge go rialta.

## ÉILEAMH D’IMEACHTAÍ SAORCHRAOLTA TRÍ GHAEILGE:

De réir daonáireamh ó dheas i 2016 tá 1,761,420 (39.8% den daonra) ag rá go bhfuil Gaeilge labhartha acu. Ina measc iad siúd tá cainteoirí laethúla (taobh amuigh den chóras oideachais amháin agus a úsáideann Gaeilge laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais) 73,803. As na cainteoirí laethúla sin tá 20,586 ina chónaí sa Ghaeltacht.

Ó Thuaidh dúirt i 2011 184,898 (10.65%) go bhfuil eolas éigin acu ar an nGaeilge. Faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998 tá sé de dhualgas ar údaráis chraolacháin ó dheas go mbeidh fáil ar TG4 go forleathan ó Thuaidh. Mar sin tá an daonra de chainteoirí Gaeilge ó thuaidh le tógáil san áireamh i dtaobh éilimh ar imeachtaí saorchraolta a bheith ar fáil trí Ghaeilge.

De réir Céard é an Scéal? 2020 tá 59% de dhaoine ag iarraidh stáisiúin raidió Gaeilge dírithe ar dhaoine óga.




Tá TG4 mar an séú stáisiún is mó tóir air https://tuairisc.ie/an-sciar-ceanna-den-lucht-feachana-ag-tg4-in-2020-agus-e-fos-ar-an-seu-caineal-is-mo-in-eirinn/ . Is iad na himeachtaí spóirt an t-ábhar is mó tóir orthu ar TG4, mar shampla bhreathnaigh 770,000 ar Chluiche Ceannais Peil na mBan ar an 20ú Nollaig. Is trí Ghaeilge a chuala an 770,000 an tráchtaireacht don chluiche sin.

## POLASAITHE AN STÁIT I LEITH CHRAOLACHÁIN AGUS AN GHAEILGE

**Ráiteas i leith na Gaeilge 2006**

9. Déanfar cinnte de go bhfuil seirbhísí cuimsitheacha craolacháin ar ardchaighdeán ar fáil trí mheán na Gaeilge, go mór mhór trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar RTÉ, ar Raidió na Gaeltachta agus ar TG4.

**Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge**

Déanfaidh RTÉ, an craoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí, normalú ar úsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ina gcuid craoltaí

- dualgas RTÉ i leith na Gaeilge a dhoimhniú

## MOLTAÍ

**Imeachtaí reatha**
Ba cheart imeachtaí uile an liosta reatha a choinneáil ar an liosta saorchraolta

**Imeachtaí breise le cur leis an liosta imeachtaí saorchraolta as Gaeilge**

- Babhtaí ceannais Chraobh agus Shraitheanna Pheil na mBan
- Babhtaí ceannais Chraobh agus Shraitheanna Camógaíochta
- Tour de France
- Giro d'Italia
- Wimbledon
- Guinness Pro14
- Cluiche ceannais na gClubanna (Peil agus Iomáint)
- Aintree Grand National
- The Cheltenham Festival

**Imeachtaí saorchraolta as Gaeilge**

- Ba chóir go mbeadh sé mar choinníoll den stádas liostála feasta go soláthródh gach "saorchraoltóir" tráchtaireacht Ghaeilge lena chlúdach. Tá breis eolais air seo thíos:
  - Mar atá luaite cheana tá imeallú á dhéanamh ar an nGaeilge sna meáin, is féidir an teanga a normalú agus freastail i gceart ar chéad teanga oifigiúil na hÉireann tríd an gcoinníoll seo a chur isteach
  - Is fiú go mbeidh níos mó poiblíochta curtha ar fáil faoi na roghanna seo trí fhógraí a chur ar fáil roimh agus i rith na gcluichí. Freisin go mbeidh teachtaireacht curtha ar an scáileán ag rá go rialta conas an tráchtaireacht as Gaeilge a aimsiú.

Tá Conradh na Gaeilge ar fáil leis an aighneacht seo a phlé ar do chaoithiúlacht.